Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/640

16.4.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 298/2025**

**an 5 Nollaig 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/640]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/895 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 a mhéid a bhaineann le ríomh dliteanas incháilithe agus leis an gcóras idirthréimhseach ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 19ba (Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32024 R 0895**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/895 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 (IO L, 2024/895, 20.3.2024).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/895 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Nollaig 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Stefán Haukur JÓHANNESSON

([1]) IO L, 2024/895, 20.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/895/oj.
(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.